RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1475 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Meán Fómhair 2021

lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/915 maidir le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe atá i rollaí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe atá i rollaí a choinsínítear ón Téalainn, cé acu a dhearbhaítear iad a bheith de thionscnamh na Téalainne nó nach dearbhaítear

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 13 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúdú roimhe seo agus bearta atá ann cheana

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 217/2013, ([2]) d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach i mí an Mhárta 2013 ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe atá i rollaí ("rollaí beaga") de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis imscrúdú frithdhumpála ("an t-imscrúdú bunaidh"). Bhí na bearta i bhfoirm dleacht *ad valorem* idir 14,2 % agus 35,6 %.

(2) I Meitheamh 2019, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/915, ([3]) choinnigh an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") na bearta cinntitheacha ("na bearta atá i bhfeidhm") ar bun tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán ('an t-imscrúdú athbhreithnithe').

1.2. Iarraidh

(3) Fuair an Coimisiún iarraidh de bhun Airteagal 13(3) agus Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán imscrúdú a dhéanamh ar aon imchéimniú féideartha ar na bearta frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe atá i rollaí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ag allmhairí a choinsínítear ón Téalainn, cé acu a dhearbhaítear iad a bheith de thionscnamh na Téalainne nó nach ndearbhaítear, agus chun na hallmhairí sin a chur faoi réir a gcláraithe.

(4) Rinneadh an iarraidh a thaisceadh an 9 Samhain 2020. D'iarr an t-iarratasóir anaithnideacht ag céim an iarratais agus ar feadh thréimhse an imscrúdaithe. Thug an t-iarratasóir bunús cuí lena iarrataí ar ghlac an Coimisiún leo toisc gur mheas sé go raibh forais leordhóthanacha ann chun rúndacht a chéannachta a dheonú.

(5) Bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh ar athrú ar an ngréasán trádála a bhaineann le honnmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Téalainn chuig an Aontas a rinneadh tar éis bearta a fhorchur ar rollaí beaga. Is cosúil go n-eascraíonn an t-athrú sin as rollaí beaga a choinsíniú tríd an Téalainn chuig an Aontas tar éis oibríochtaí cóimeála a dhéanamh orthu sa Téalainn. Bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh freisin lena léirítear gur imchéimniú a bhí in oibríochtaí cóimeála den sórt sin toisc gurbh ionann páirteanna Síneacha agus 60 % de luach iomlán pháirteanna an táirge tar éis a chóimeáilte, agus bhí an breisluach le linn na n-oibríochtaí cóimeála níos lú ná 25 % den chostas monaraíochta.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 217/2013 ón gComhairle an 11 Márta 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe atá i rollaí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 69, 13.3.2013, lch. 11).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/915 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe atá i rollaí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne i ndiaidh athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 146, 5.6.2019, lch. 63).

(6) Ina theannta sin, bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh go raibh an cleachtas a dtugtar tuairisc air thuas ag baint an bhoinn ó éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithdhumpála atá ann cheana i dtéarmaí cainníochtaí agus praghsanna. Ina theannta sin, bhí fianaise leordhóthanach ann go ndearnadh praghsanna na rollaí beaga a coinsíniodh ón Téalainn a dhumpáil i ndáil leis an ngnáthluach a socraíodh roimhe sin do rollaí beaga.

1.3. **An táirge lena mbaineann agus an táirge atá faoi imscrúdú**

(7) Is é atá sa táirge lena mbaineann scragall alúmanaim arb ionann nó ar mó ná 0,007 mm ach níos lú ná 0,021 mm a thiús, gan aon chúl air, agus gan aon saoirsiú thairis sin ná rollta, bíodh sé cabhartha nó ná bíodh, i rollaí ísealmheáchain nach mó ná 10 kg a meáchan, arna aicmiú ar dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/915 ón gCoimisiún faoi chóid AC ex 7607 11 11 agus ex 7607 19 10 (cóid TARIC 7607 11 11 10 agus 7607 19 10 10) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an táirge lena mbaineann"). Is é sin an táirge a bhfuil feidhm ag na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair ina leith.

(8) Is ionann an táirge atá faoi imscrúdú agus an táirge a shainmhínítear san aithris roimhe seo, a thagann faoi chóid AC ex 7607 11 11 agus ex 7607 19 10 faoi láthair, ach a choinsínítear ón Téalainn é, cé acu a dhearbhaítear é a bheith de thionscnamh na Téalainne nó nach ndearbhaítear (cóid TARIC 7607 11 11 11 agus 7607 19 10 11) ("an táirge atá faoi imscrúdú").

(9) Léiríodh san imscrúdú go bhfuil na buntréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna ag na rollaí beaga a onnmhairítear ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas agus ag na rollaí beaga a choinsínítear ón Téalainn agus go bhfuil na húsáidí céanna acu, agus, dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

1.4. **Tionscnamh**

(10) Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas, go raibh fianaise leordhóthanach ann chun imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, thionscain sé imscrúdú agus chuir sé allmhairí rollaí beaga a choinsínítear ón Téalainn, cé acu a dhearbhaítear iad a bheith de thionscnamh na Téalainne nó nach ndearbhaítear, faoi réir a gcláraithe le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2161 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2020 ([4]) ("an Rialachán tionscnaimh").

1.5. **Tréimhse imscrúdaithe agus tréimhse tuairiscithe**

(11) Is í an tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 30 Meitheamh 2020 a chumhdaítear leis an tréimhse imscrúdaithe ("an tréimhse imscrúdaithe" nó "TI"). Bailíodh sonraí do TI chun imscrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar an athrú líomhnaithe ar an ngréasán trádála tar éis na bearta a fhorchur ar an táirge lena mbaineann agus ar chleachtas, próiseas nó obair a bheith ann nach raibh cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis seachas an dleacht a fhorchur. Bailíodh sonraí níos mionsonraithe don tréimhse ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020 ("an tréimhse tuairiscithe") d'fhonn scrúdú a dhéanamh lena fháil amach ar bhain allmhairí an bonn d'éifeacht cheartaitheach na mbeart a bhí i bhfeidhm i dtéarmaí praghsanna agus/nó cainníochtaí agus dumpáil a bheith ann.

1.6. **Imscrúdú**

(12) Chuir an Coimisiún údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne agus údaráis na Téalainne ar an eolas go hoifigiúil, chomh maith leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sna tíortha sin, na hallmhaireoirí san Aontas arb eol go bhfuil baint acu leis an imscrúdú agus tionscal an Aontais maidir le tionscnamh an imscrúdaithe. Cuireadh ceistneoirí agus/nó Foirmeacha Éilimh Díolúine ar fáil do na táirgeoirí/onnmhaireoirí sa Téalainn agus i nDaon-Phoblacht na Síne agus do na hallmhaireoirí san Aontas arb eol don Choimisiún iad nó a chuir iad féin in iúl laistigh de na spriocdhátaí a shonraítear in Airteagal 3 den Rialachán tionscnaimh.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2161 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 lena dtionscnaítear imscrúdú i dtaca le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/915 maidir le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe atá i rollaí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe i rollaí a choinsínítear ón Téalainn, cé acu a dhearbhaítear iad a bheith de thionscnamh na Téalainne nó nach dearbhaítear, agus a chuireann na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe (IO L 431, 21.12.2020, lch. 42).

(13) Tugadh an deis do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a iarraidh laistigh den teorainn ama a leagtar amach sa Rialachán tionscnaimh. Cuireadh na páirtithe uile ar an eolas go bhféadfadh cur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán a bheith mar thoradh ar neamhthíolacadh na faisnéise ábhartha uile nó mar thoradh ar fhaisnéis neamhiomlán, bhréagach nó mhíthreorach a chur isteach agus go bhféadfaí torthaí a bheith bunaithe ar na fíorais atá ar fáil.

(14) Tháinig dhá tháirgeoir de chuid an Aontais chun cinn mar pháirtithe leasmhara, agus ní bhfuarthas aon fhreagra ar cheistneoirí/foirmeacha éilimh díolúine ó pháirtí ar bith sa Téalainn, i nDaon-Phoblacht na Síne nó in aon áit eile.

2. **TORTHAÍ AN IMSCRÚDAITHE**

2.1. **Breithnithe ginearálta**

(15) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, ba cheart anailís a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas i ndiaidh a chéile chun aon imchéimniú féideartha a mheas:

— an raibh athrú ar an ngréasán trádála idir Daon-Phoblacht na Síne, an Téalainn agus an tAontas,

— má eascraíonn an t-athrú sin as cleachtas, próiseas nó as obair nach raibh cúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis seachas na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm a fhorchur,

— má tá fianaise ann go ndearnadh díobháil nó go raibh an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm i dtéarmaí phraghsanna agus/nó chainníochtaí an táirge atá faoi imscrúdú, agus

— an bhfuil fianaise ann go ndearnadh dumpáil i ndáil leis na gnáthluachanna a socraíodh roimhe sin don táirge lena mbaineann.

(16) San imscrúdú reatha, ós rud é gur tharraing an fhianaise a chuir na hiarratasóirí ar fáil san iarraidh aird ar oibríochtaí cóimeála sa Téalainn, rinne an Coimisiún anailís níos sonraí ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán, go háirithe:

— ar cuireadh tús leis an oibríocht chóimeála, nó ar tháinig méadú mór uirthi, ón tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú frithdhumpála, nó díreach roimhe, agus an ón tír atá faoi réir na mbeart na páirteanna ábhartha; agus

— an ionann na páirteanna agus 60 % nó níos mó de luach iomlán pháirteanna an táirge tar éis a chóimeáilte, agus más luach níos mó ná 25 % den chostas monaraíochta breisluach na bpáirteanna a tógadh isteach le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe.

2.2. **Leibhéal comhoibrithe**

(17) Roimh an imscrúdú a thionscnamh, chuir Rialtas na Téalainne ainmneacha agus seoltaí roinnt táirgeoirí scragall alúmanaim tís sa Téalainn ar fáil. Mar a luaitear san aithris (14) thuas, níor tháinig aon duine de na táirgeoirí sin ná aon táirgeoir/onnmhaireoir eile ón Téalainn chun cinn ná níor chuir siad éileamh díolúine isteach.

(18) Trí bhíthin nóta briathartha an 11 Feabhra 2021, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Téalainne i ngeall nach bhfuil comhar ó aon onnmhaireoir/táirgeoir sa Téalainn, go raibh sé beartaithe aige a thorthaí ar chleachtais imchéimnithe a bheith ann a bhunú ar fhíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún in iúl go láidir freisin go bhféadfadh sé nach mbeadh toradh atá bunaithe ar fhíorais atá ar fáil chomh fabhrach céanna don pháirtí lena mbaineann agus d'iarr sé ar Rialtas na Téalainne a bharúil a thabhairt.

(19) Thug Rialtas na Téalainne freagra ar an gCoimisiún gur cuireadh in iúl dó go raibh sé ar intinn ag Dingheng New Materials Co., Ltd. comhoibriú, agus i gcás nach mbeadh aon chomhoibriú ann ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Téalainne, féadfaidh an Coimisiún leas a bhaint as na fíorais atá ar fáil i ndáil le torthaí na gcleachtas imchéimnithe maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Téalainn.

(20) Thug an Coimisiún dá aire nár chomhoibrigh an chuideachta a luaigh Rialtas na Téalainne leis an imscrúdú seo, ach gur chomhoibrigh sí leis an imscrúdú frith-imchéimniúcháin comhthreomhar maidir le hallmhairí rollaí ollmhóra scragall alúmanaim ([5]). San imscrúdú seo, níor tháinig aon táirgeoir den táirge atá faoi imscrúdú, ar táirgeoir é de chuid na Téalainne, chun cinn.

(21) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán, na torthaí maidir le himchéimniú féideartha a bheith ann a leagtar amach thíos, bhí siad bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil. Bhraith an Coimisiún go háirithe ar an bhfaisnéis atá san iarraidh mar aon le foinsí eile faisnéise amhail staidreamh trádála maidir le hallmhairí agus maidir le honnmhairí (e.g. ó Eurostat agus Global Trade Atlas ("GTA")), chomh maith le sonraí atá ar fáil go poiblí.

2.3. **Athrú ar an ngréasán trádála**

(22) Léirítear i dTábla 1 thíos forbairt allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Téalainn le linn na tréimhse imscrúdaithe ([6]).

Tábla 1

Allmhairí rollaí beaga le linn na tréimhse imscrúdaithe (*tonaí*)

	2016	2017	2018	2019	An Tréimhse Tuairiscithe
Daon-Phoblacht na Síne	299	471	308	596	414
innéacs (bonn = 2016)	*100*	*157*	*103*	*199*	*139*
Sciar iomlán na n-allmhairí	8 %	10 %	6 %	7 %	5 %
An Téalainn	70	654	814	1 088	1 069
innéacs (bonn = 2016)	*100*	*934*	*1 163*	*1 555*	*1 527*
Sciar iomlán na n-allmhairí	2 %	13 %	17 %	12 %	14 %
Iomlán na n-allmhairí	3 904	4 891	4 914	8 838	7 751

Foinse: Eurostat

(23) Tháinig méadú mór ar allmhairí ón Téalainn, ó 70 tona go 1 069 dtona idir 2016 agus deireadh na tréimhse tuairiscithe. Tháinig méadú ar sciar iomlán na n-allmhairí atá aici ó 2 % go 14 % ag an am céanna. Tháinig méadú freisin ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ach ar luas i bhfad níos moille, ó 299 dtona go 414 thona. Mar sin féin, tháinig laghdú ó 8 % go 5 % ar sciar na Síne d'iomlán na n-allmhairí, nó, is é sin le rá go raibh líon allmhairí na Téalainne á mhéadú faoi cheathair ag sciar na Síne ach gur thit sé sin go dtí thart ar aon trian. Ina theannta sin, tá allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne fós faoi bhun an 610 tona a bhí ann in 2013, tráth a ndearnadh an t-imscrúdú bunaidh.

(24) Léirítear i dTábla 2 forbairt onnmhairí na n-amhábhar ó Dhaon-Phoblacht na Síne go dtí an Téalainn is gá chun rollaí beaga a tháirgeadh le linn na tréimhse imscrúdaithe.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2162 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 lena dtionscnaítear imscrúdú i dtaca le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2384 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/271 maidir le hallmhairí scragaill alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe a choinsínítear ón Téalainn, cé acu a dhearbhaítear iad a bheith de thionscnamh na Téalainne nó nach dearbhaítear, agus a chuireann na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe (IO L 431, 21.12.2020, lch. 48).

([6]) Ní féidir na sonraí allmhairiúcháin a léirítear sa Rialachán seo a chur i gcomparáid leis na sonraí a foilsíodh tar éis an imscrúdaithe bunaidh nó an imscrúdaithe athbhreithnithe. Bhain an t-imscrúdú roimhe seo úsáid as sonraí a bhain le AE28, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe, agus ní áirítear san imscrúdú atá ann faoi láthair ach AE27 tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas in 2020.

Tábla 2

Onnmhairí amhábhar ó Dhaon-Phoblacht na Síne go dtí an Téalainn le linn na tréimhse imscrúdaithe [7] **(tonaí)**

	2016	2017	2018	2019	An Tréimhse Tuairiscithe
Stoc scragaill (tonaí)	50 111	52 950	62 799	68 755	71 668
innéacs (bonn = 2016)	*100*	*106*	*125*	*137*	*143*
Rollaí ollmhóra (tonaí)	31 931	37 697	49 686	63 988	69 248
Innéacs (bonn = 2016)	*100*	*118*	*156*	*200*	*217*
Iomlán na n-amhábhar (tonaí)	82 042	90 647	112 485	132 743	140 916
innéacs (bonn = 2016)	100	110	137	162	172

Foinse: Global Trade Atlas

(25) Is é alúmanam príomhúil an príomh-amhábhar le haghaidh táirgeadh scragall alúmanaim tís. Déantar an t-amhalúmanam a phróiseáil ansin chun stoc scragaill a tháirgeadh ar a ndéantar oibriú breise ina dhiaidh sin ionas go mbeidh scragall alúmanaim tís atá i rollaí ar mó a meáchan ná 10 gcileagram ("rollaí ollmhóra") agus/nó rollaí beaga (arb ionann 10 cileagram nó níos lú a meáchan). San fhaisnéis atá ar fáil don Choimisiún ón iarraidh, léirítear gur ón stoc idirmhéanach d'amhábhair scragall nó ó rollaí ollmhóra den chuid is mó a tháirgtear na rollaí beaga a onnmhairítear ón Téalainn go dtí an tAontas Eorpach.

(26) Léirítear i dTábla 2 go bhfuil méadú leanúnach ar onnmhairí na n-amhábhar seo ón tSín go dtí an Téalainn ó 2016 i leith. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, nach amháin chun rollaí beaga a tháirgeadh sa Téalainn a bhaintear úsáid as an dá amhábhar. Baintear úsáid as stoc scragaill, mar shampla, chun rollaí ollmhóra a tháirgeadh sa Téalainn freisin. Díoltar na rollaí ollmhóra sin ar mhargadh baile na Téalainne, nó onnmhairítear iad chuig tríú tíortha, an tAontas ina measc. Ina theannta sin, baintear úsáid as stoc scragaill mar amhábhar i roinnt tionscail eile, amhail tionscal na pacáistíochta nó chun críoch leithlisithe. Dá bhrí sin, ní bhaintear úsáid ach as cuid de na hallmhairí stoc scragaill i ndáiríre i bpróiseas táirgthe na rollaí beaga.

(27) Ina theannta sin, áirítear rollaí ollmhóra scragaill tiontaire sna sonraí i dTábla 2 le haghaidh rollaí ollmhóra a thagann faoi na cóid tráchtearraí chéanna ach nach mbaintear úsáid astu chun scragall alúmanaim tís a tháirgeadh. Na rollaí ollmhóra a allmhairítear isteach sa Téalainn, ní fios cén céatadán díobh a bhfuil baint aige le scragall tiontaire alúmanaim ós rud é nach bhfuil sonraí allmhairiúcháin mionsonraithe den sórt sin ón Téalainn ar fáil. I bhfianaise an easpa fianaise dá mhalairt, áfach, tá sé réasúnta glacadh leis go raibh an cóimheas idir táirgeadh scragall tiontaire agus táirgeadh scragall tís sa Téalainn cobhsaí ar fud TI. Go deimhin, i bhfianaise na treochta atá léirithe i dTábla 1 thuas, tá méadú tagtha ar an táirgeadh scragall tís. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an treocht mhéadaitheach atá le feiceáil i gcás gach cineál rolla ollmhóir fíor freisin i gcás rollaí ollmhóra scragall tís.

(28) I gcás ar bith, léirítear éileamh méadaitheach ar amhábhair den sórt sin sa Téalainn toisc go bhfuil méadú suntasach ar mhéideanna allmhairí amhábhar ó Dhaon-Phoblacht na Síne go dtí an Téalainn. Is féidir é sin a mhíniú, i bpáirt ar a laghad, leis an méadú ar tháirgeadh agus ar onnmhairí rollaí beaga isteach sa Téalainn agus amach ón Téalainn.

(29) Maidir leis an méadú ar onnmhairí na Téalainne chuig an Aontas, an laghdú comhthreomhar ar allmhairí na Síne i gcomparáid le hallmhairí rollaí beaga na Téalainne, agus an méadú ar onnmhairí amhábhar na Síne go dtí an Téalainn le linn na tréimhse céanna, is ionann sin agus athrú ar an ngréasán trádála idir an tSín, an Téalainn agus an tAontas de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán.

(7) Cuireadh cainníochtaí na stoc scragaill in oiriúint, a mhéid is féidir, chun stoc scragaill a léiriú ar féidir úsáid a bhaint as i ndáiríre chun scragall alúmanaim tís a tháirgeadh, agus nach mbainfear úsáid as, mar shampla, sa tionscal clódóireachta, bunaithe ar na tuairiscí sonracha ar tháirgí in GTA.

2.4. **Cineál na gcleachtas imchéimnithe nach raibh cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leo**

(30) Ceanglaítear le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán go n-eascraítear an t-athrú ar an ngréasán trádála as cleachtas, próiseas nó obair nach bhfuil cúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis seachas forchur na dleachta. Áirítear coinsíneacht an táirge atá faoi réir na mbeart atá ann cheana trí thríú tíortha, agus cóimeáil páirteanna/oibríochtaí críochnaithe i dtríú tír i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den bhun-Rialachán sa chleachtas, sa phróiseas nó san obair.

(31) Ós rud é nár chomhoibrigh aon táirgeoir onnmhairiúcháin leis an imscrúdú, bhí torthaí maidir le cleachtais imchéimnithe a bheith ann sa Téalainn agus cineál na gcleachtas sin bunaithe ar fhíorais a bhí ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán mar a shainmhínítear sa roinn 2.2 thuas.

(32) Chuir an t-iarratasóir fianaise ar fáil ina iarraidh a léiríonn gur táirgeadh rollaí beaga sa Téalainn trí rollaí ollmhóra a atochras, ar rollaí iad a fuarthas go díreach ó Dhaon-Phoblacht na Síne nó go hindíreach ó tháirgeoirí de chuid na Téalainne, ar táirgeoirí iad a fhaigheann na hamhábhair chun rollaí ollmhóra a tháirgeadh ó Dhaon-Phoblacht na Síne ([8]). Léirigh an t-iarratasóir an méid seo a leanas:

(1) Níl an t-innealra is gá ag táirgeoirí de chuid na Téalainne chun rollaí beaga a tháirgeadh as alúmanam príomhúil, ach tá an t-innealra is gá acu ach chun iad a atochras, a ghearradh, a scoilt, a ainéaladh agus chun oibríochtaí réasúnta beag eile a dhéanamh ar rollaí ollmhóra. Comhthacaítear é sin le faisnéis ar shuíomhanna gréasáin roinnt táirgeoirí de chuid na Téalainne ([9]).

(2) Faigheann táirgeoirí de chuid na Téalainne a rollaí ollmhóra go díreach ó Dhaon-Phoblacht na Síne, nó ó tháirgeoirí rollaí ollmhóra de chuid na Téalainne a fhaigheann a n-amhábhar (stoc scragaill) ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Comhthacaíonn na torthaí in imscrúdú comhthreomhar an Choimisiúin maidir le rollaí ollmhóra leis an gcleachtas deireanach sin.

(3) Is fochuideachtaí de chuideachtaí Síneacha atá in ann rollaí beaga a tháirgeadh agus a tháirgeann rollaí beaga i nDaon-Phoblacht na Síne iad gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta de chuid na Téalainne a bhfuil eolas ar fáil don Choimisiún ina leith ón iarraidh agus ó fhaisnéis atá ar fáil go poiblí. Áirítear leis sin an oibríocht chóimeála atá lonnaithe sa Téalainn faoi láthair, oibríocht ar thug an t-iarratasóir faisnéis ina leith.

(33) Níor nochtadh san imscrúdú aon fhianaise ar chúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch leis na rollaí beaga ón Téalainn a allmhairiú chuig an Aontas, seachas chun íocaíocht na ndleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair a sheachaint. Déanta na fírinne, léiríonn an fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil go bhfuil sé luaite go sainráite ar shuíomh gréasáin tháirgeoir rollaí beaga de chuid na Téalainne go raibh seachaint dleachtanna frithdhumpála ar cheann de na cúiseanna a bhí leis an táirgeadh a bhunú sa Téalainn ([10]).

2.5. **Oibríochtaí a thosú nó a mhéadú go mór**

(34) A mhéid a bhaineann le hoibríochtaí cóimeála, ceanglaítear le hAirteagal 13(2) den bhun-Rialachán gur cuireadh tús leis an oibríocht chóimeála, nó gur tháinig méadú mór uirthi, ón tráth a cuireadh tús leis an imscrúdú frithdhumpála, nó díreach roimhe, agus gur ón tír atá faoi réir na mbeart na páirteanna ábhartha.

([8]) Chuir an t-iarratasóir faisnéis ar fáil maidir le himscrúdú atá ar bun ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) i gcomhar le húdaráis ábhartha na mBallstát. De réir an iarratasóra, gearradh pionós ar dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Téalainne mar thoradh ar an imscrúdú sin maidir le himchéimniú na ndleachtanna frithdhumpála. Ar chúiseanna rúndachta a bhaineann le himscrúduithe atá ar bun ag OLAF faoi láthair, níl aon fhaisnéis eile ar fáil go poiblí faoi láthair.

([9]) Mar shampla, http://en.wohler.com.cn/index.php/News/view/id/6.html.

([10]) Chuir an t-iarratasóir cóip den leathanach gréasáin ar fáil ina luaitear na dleachtanna frithdhumpála in Iarscríbhinn 5 den iarraidh. Tá an leagan reatha den suíomh gréasáin, nach luaitear seachaint dleachtanna frithdhumpála ann a thuilleadh, ar fáil anseo: http://en.wohler.com.cn/index.php/News/view/id/6.html (arna rochtain an 23 Feabhra 2021 den uair dheireanach). Tugtar faoi deara go luaitear an méid seo a leanas fós ar leathanach LinkedIn na cuideachta: "Bunaítear an mhonarcha sa Téalainn chun ráta frithdhumpála mhargaí na hEorpa agus na hIndia a dhíchur". (https://www.linkedin.com/company/qingdao-wohler-household-products-co-ltd/about/, arna rochtain an 25 Feabhra 2021 den uair dheireanach). Ina theannta sin, luaitear ar shuíomh gréasáin eile "chun fadhb na dleachta frithdhumpála a réiteach, tógaimid monarcha eile sa Téalainn": https://tigerhuang923.en.ec21.com/company_info.html (arna rochtain an 25 Bealtaine 2021 den uair dheireanach). Luann cuideachta eile de chuid na Téalainne freisin go bhfuil allmhairí ón Téalainn saor ó dhleachtanna frithdhumpála: https://www.top-ranking.com.cn/news/view?id=1792⟨=en (arna rochtain an 25 Feabhra 2021 den uair dheireanach).

(35) Ba dhiomaibhseach allmhairí ón Téalainn chuig an Aontas Eorpach in 2015 agus in 2016. Sa bhliain 2017 tháinig méadú suntasach ar onnmhairí go 654 thona, agus tháinig méadú breise air sin gach bliain ó shin. An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil faoi tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Téalainne chomh maith le faisnéis atá ar fáil go poiblí, léiríonn sé gur cuireadh tús le tógáil saoráidí táirgthe rollaí beaga sa Téalainn in 2016 agus in 2017, agus i gcás cuideachta amháin in 2018. Dá bhrí sin, cuireadh tús leis an oibríocht chóimeála ó tionscnaíodh an t-imscrúdú frithdhumpála.

(36) Mar gheall ar an neamhchomhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Téalainne, bhraith an Coimisiún ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh agus ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí chun foinse na n-amhábhar a mbaintear úsáid astu i gcóimeáil na rollaí beaga sa Téalainn a shuíomh. Na táirgeoirí de chuid na Téalainne arb eol go n-onnmhairíonn siad a dtáirgí chuig an Aontas, is fochuideachtaí iad de tháirgeoirí scragall alúmanaim tís Síneacha atá faoi réir dleachtanna frithdhumpála agus táirgí á n-onnmhairiú acu ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Ina theannta sin, léiríonn faisnéis ón iarratasóir go maíonn cuideachta amháin de chuid na Téalainne go gceannaíonn sí a cuid amhábhar go léir ón gcuideachta chomharsanach Dingheng New Materials Co. Ltd, a léiríodh san imscrúdú comhthreomhar maidir le rollaí ollmhóra ([11]) go n-imchéimníonn sí ar na dleachtanna frithdhumpála ar rollaí ollmhóra ón tSín. Níor tháinig an t-imscrúdú ar aon fhianaise a léiríonn gur de thionscnamh tír eile seachas de thionscnamh na Síne na hamhábhair ar bhain táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Téalainne úsáid astu. Dá bhrí sin, is ón tír atá faoi réir na mbeart na páirteanna ábhartha.

2.6. **Luach páirteanna agus breisluach**

(37) Luaitear in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán, a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí cóimeála, gur coinníoll eile chun imchéimniú a shuíomh ná gurb ionann na páirteanna (de thionscnamh na Síne, sa chás seo) agus 60 % nó níos mó de luach iomlán pháirteanna an táirge tar éis a chóimeáilte agus gur lú breisluach na bpáirteanna a thugtar isteach, le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe, ná 25 % de chostais mhonaraíochta. Mar gheall ar neamhchomhoibriú tháirgeoir onnmhairiúcháin ar bith de chuid na Téalainne, bhraith an Coimisiún ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil chun a shuíomh ar comhlíonadh na tairseacha 60 % agus 25 %.

(38) Agus aird á tabhairt ar an trealamh a mbaineann na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta úsáid as ina monarchana, mar a thaispeántar ar a suíomhanna gréasáin agus san fhaisnéis a chuirtear ar fáil san iarraidh, d'fhéadfaí oibríochtaí bailchríche áirithe amhail atochras, scoilt nó ainéaladh a bheith sa phróiseas táirgthe sa Téalainn.

(39) Léirigh an t-iarratasóir gurb ionann na hamhábhair seo chun rollaí beaga a tháirgeadh ó rollaí ollmhóra nó stoc scragaill agus beagnach 90 % de luach iomlán pháirteanna an táirge tar éis a chóimeáilte. Léirigh an t-iarratasóir freisin, i gcás an dá amhábhar, go raibh breisluach na bpáirteanna sin níos lú ná 18 % agus níos lú ná 24 % faoi seach.

(40) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar critéir Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán.

2.7. **An bonn a bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na dleachta**

(41) Chun measúnú a dhéanamh ar bhaint an bhoinn a d'fhéadfadh a bheith ann d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart atá ann cheana i dtéarmaí na bpraghsanna agus/nó na gcainníochtaí, bhain an Coimisiún úsáid as na praghsanna agus as na méideanna onnmhairiúcháin arna dtuairisciú ag Eurostat. Rinne an Coimisiún comparáid idir an meánphraghas neamhdhíobhála a socraíodh san athbhreithniú éaga don bhliain 2019 agus meánphraghsanna ualaithe onnmhairiúcháin CAL, arna gcoigeartú mar is cuí chun dleachtanna custaim coinbhinsiúnta agus costais iar-imréitigh a áireamh, agus is é an difríocht eatarthu leibhéal an ghearrdhíola.

(42) Léirigh an chomparáid sin idir na praghsanna go bhfuil gearrdhíol 29 % ann.

(43) Ina theannta sin, na méideanna a onnmhairíodh, ar méideanna iad a fuarthas amach go raibh siad ag imchéimniú ar na bearta atá ann cheana agus suntasach, suíodh leis an imscrúdú gurb ionann iad agus beagnach 14 % de mhéid iomlán allmhairí rollaí beaga le linn na tréimhse tuairiscithe.

(44) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, go mbaineann allmhairí ón Téalainn atá faoi réir an imscrúdaithe sin an bonn de na bearta atá ann cheana i dtéarmaí cainníochtaí agus praghsanna.

([11]) IO L 431, 21.12.2020, lch. 48.

2.8. **Fianaise ar dhumpáil**

(45) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún imscrúdú lena fháil amach an raibh fianaise ar dhumpáil ann i ndáil leis an ngnáthluach a suíodh san athbhreithniú éaga deireanach maidir leis an táirge comhchosúil.

(46) Chun na praghsanna onnmhairiúcháin ón Téalainn a bhunú, bhain an Coimisiún úsáid as meánphraghas onnmhairiúcháin na rollaí beaga le linn na tréimhse tuairiscithe, mar a thuairiscigh Eurostat. Chun críche comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin, tugadh aird chuí, i bhfoirm coigeartuithe, ar dhifríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Bhí na meánphraghsanna onnmhairiúcháin a suíodh faoi bhun an ghnáthluacha mar a suíodh san athbhreithniú éaga deireanach é, rud a léirigh go bhfuil dumpáil ann.

3. **BEARTA**

(47) Bunaithe ar na torthaí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil allmhairí an táirge atá faoi imscrúdú ag imchéimniú ar an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí rollaí beaga de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(48) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, ba cheart na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm a leathnú chuig allmhairí an táirge atá faoi imscrúdú.

(49) De bhun Airteagal 13(1), an dara mír, den bhun-Rialachán, ba cheart gurb é an beart a bhunaítear in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/915 ón gCoimisiún an beart atá le leathnú i gcás "gach cuideachta eile", ar dleacht frithdhumpála chinntitheach 35,6 % é is infheidhme maidir le glanphraghas CAL, saor ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim.

(50) De bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, lena bhforáiltear gur cheart feidhm a bheith ag aon bheart leathnaithe maidir le hallmhairí a tháinig isteach san Aontas faoi chlárú a fhorchuirtear leis an Rialachán tionscnaimh, ba cheart an dleacht frithdhumpála a bhailiú maidir leis na hallmhairí cláraithe sin den táirge atá faoi imscrúdú.

4. **NOCHTADH**

(51) An 24 Meitheamh 2021, nochtaigh an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha as ar eascair na conclúidí thuas do na páirtithe leasmhara uile agus d'iarr sé orthu a mbarúil a thabhairt. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(52) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. An dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/915 maidir le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe atá i rollaí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déantar í a leathnú go dtí allmhairí scragall alúmanaim arb ionann nó ar mó ná 0,007 mm ach níos lú ná 0,021 mm a thiús, gan aon chúl air, agus gan aon saoirsiú thairis sin ná rollta, bíodh sé cabhartha nó ná bíodh, i rollaí ísealmheáchain nach mó ná 10 kg a meáchan, a choinsínítear ón Téalainn, cé acu a dhearbhaítear iad a bheith de thionscnamh na Téalainne nó nach ndearbhaítear, a thagann faoi chóid AC ex 7607 11 11 agus ex 7607 19 10 (cóid TARIC 7607 11 11 11 agus 7607 19 10 11).

2. Baileofar an dleacht a leathnaítear le mír 1 den Airteagal seo maidir le hallmhairí a choinsínítear ón Téalainn cé acu a dhearbhaítear iad a bheith de thionscnamh na Téalainne nó nach ndearbhaítear, arna gclárú i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2161 agus Airteagal 13(3) agus Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036.

3. Is é méid na ndleachtanna frithdhumpála atá le bailiú go haisghníomhach an méid a thagann as an dleacht frithdhumpála 35,6 % is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile" a chur i bhfeidhm.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú allmhairí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2161.

Airteagal 3

1. Déanfar iarrataí ar dhíolúine ón dleacht arna fadú le hAirteagal 1 i scríbhinn i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus ní mór do dhuine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar an eintiteas atá ag iarraidh na díolúine na hiarrataí a shíniú. Ní mór an iarraidh a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na Trádála
Oifig Stiúrthóireacht G:
CHAR 04/39
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

2. I gcomhréir le hAirteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2016/1036, féadfaidh an Coimisiún a údarú, trí chinneadh, go ndíolmhófar allmhairí ó chuideachtaí nach n-imchéimníonn ar na bearta frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/915 ón dleacht a leathnaítear le hAirteagal 1.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN